# Nós imeachta a bhaineann le Dul Chun Cinn ó Léachtóir (faoi bhun an bhaic) go Léachtóir (os cionn an bhaic)

**1. Incháilitheacht**

Léachtóirí (faoi bhun an bhaic) (ar Chonarthaí de Chineál A agus B) a dearbhaíodh ina bpost agus a bhfuil bliain, ar a laghad, caite acu ina bpost i ndiaidh a ndearbhaithe ann, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar dhul chun cinn go dtí Léachtóir (os cionn an bhaic).

**2. Nós Imeachta Iarratais**

2.1 Ba chóir go mbeadh Foirm Iarratais ar Dhul Chun Cinn comhlánaithe (APR/18/A4/4(a)iii), curriculum vitae iomlán agus litir chumhdaigh ag tabhairt sonraí faoi dhualgais, taithí agus aschur an iarratasóra sna réimsí seo a leanas san iarratas:

- Foghlaim, Teagasc & Measúnú
- Seasamh Taighde agus Scolártha
- Obair ar mhaithe leis an Scoil, an Ollscoil agus an Pobal.

Ní mór d'iarratasóirí idir triúr moltóirí agus cúigear moltóirí a lua, agus beirt mholtóirí de chuid na hOllscoile agus moltóir amháin seachtrach, ar a laghad, a bheith ina measc.

2.2 Ba chóir iarratais a chur isteach go leictreonach chuig academicpromotions@nuigalway.ie (mar PDF amháin).

2.3 Nuair a thiocfaidh iarratas isteach, déanfaidh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid an méid seo a leanas:

- Iarrfaidh sí ar na moltóirí a bhí luaite a gcuid tuairiscí a sheoladh isteach
- Iarrfaidh sí ar an Déan agus ar an gCeann Scoile atá i gceist Bord Measúnóirí a ainmniú chun an t-iarratas a mheas agus agallamh a chur ar an iarratasóir.

2.4 Is é an tUachtarán a cheapann an Bord Measúnóirí. Cuirfear Déan an Choláiste agus an Ceann Scoile atá i gceist ar an eolas nuair a bheidh an Bord ceaptha ag an Uachtarán, agus iarrfar ar an gCeann Scoile, i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle le baill eile an Bhoird agus leis an iarratasóir, dáta an agallaimh a chur in iúl d'Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid. Beidh fógra coicíse, ar a laghad, le tabhairt faoi dháta an agallaimh don iarratasóir.

2.5 Scaipfidh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid cóip den iarratas, de thuairiscí na moltóirí agus eolas maidir le socruithe an agallaimh ar chomhaltaí an Bhoird.

2.6 Cuirfidh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid an t-iarratasóir ar an eolas faoi shocruithe an agallaimh.

3. **Leagan Amach an Bhoird Measúnóirí**

3.1 Is iad seo a leanas a bheidh ar an mBord Measúnóirí:

- Déan Choláiste phríomhchleamhnaithe an iarratasóra (Cathaoirleach an Bhoird)*
- Ceann na Scoile atá i gceist*

- Ceann an Disciplín atá i gceist
- Comhalta foirne eile sa disciplín atá i gceist a bheidh ar leibhéal Léachtóra (os cionn an bhaic) nó níos airde ná sin
- Comhalta foirne ó dhisciplín gaolmhar a bheidh ar leibhéal Léachtóra (os cionn an bhaic) nó níos airde ná sin.

3.2 Tabharfaidh an Déan agus an Ceann Scoile aird ar pholasaí na hOllscoile maidir le hionadaíocht inscne an Bhoird nuair a bheidh baill an Bhoird á moladh acu. Sa chás go mbeidh sé deacair teacht ar an ionadaíocht sin, go háirithe de bharr inscne bhaill ex officio an Bhoird, déanfaidh an Déan, i ndiaidh dó/di dul i gcomhairle leis an gCeann Scoile, ba(i)ll b(h)reise a ainmniú ar an mBord chun go mbeidh an Bord ag teacht le polasaí na hOllscoile ina leith seo. Ba cheart go mbainfeadh an/na ba(i)ll b(h)reise sin le disciplín an iarratasóra nó le disciplín gaolmhar agus ba cheart go mbeadh sé/sí/siad ag leibhéal Léachtóra (os cionn an bhaic) nó níos airde ná sin.

*Féadfaidh an Déan agus an Ceann Scoile ionadaithe a ainmniú ar an gcoinníoll go gcuirfear in iúl go bhfuil na hionadaithe sin ainmnithe nuair a chuirfear an Bord faoi bhráid Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid. Luafar an chúis/na cúiseanna a ndearnadh ionadaí a mholadh go hachomair. Ní fhéadfaidh ball ex officio de Bhord gníomhú in áit ball ex officio eile agus ní mór stádas Léachtóra Shinsearaigh nó Ollaimh a bheith ag ionadaí. Nuair a chuirtear dáta an agallaimh in iúl don iarratasóir, más rud é ar chúis ar bith, nach bhfuil ball den Bhord ar fáil agus gan aon neart air, déanfar an t-agallamh a athsceidealú. I gcásanna den sórt sin, déanfar an dáta Dul Chun Cinn a shiardhátú dá réir.

**4. Measúnú**

4.1 Déanfar an measúnú i gcomhthéacs na cáipéise 'Creat Inniúlachta do Róil Acadúla in OÉ Gaillimh' go ginearálta, agus i gcomhthéacs na cáipéise 'Creat Inniúlachta do Róil Léachtóirí', go háirithe.

Díreoidh an measúnú ar na réimsí seo a leanas agus tabharfar aird ar leith ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht phearsanta an iarratasóra i ngach réimse ó ceapadh é/í ina Léachtóir (faoi bhun an bhaic)

- Foghlaim, Teagasc & Measúnú
- Seasamh Taighde agus Scolártha
- Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal

Leagtar amach in aguisín 1 an ráiteas inniúlachtaí agus na táscairí a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin. Moltar do gach iarratasóir machnamh cuí a dhéanamh ar a (h)éifeachtacht phearsanta, a f(h)reagrachtaí, a t(h)aithí agus a (h)aschuir sna réimsí seo ina (h)iarratas.

4.2 Is é an sainmhíniú a thabharfar de ghnáth ar fheidhmíocht rathúil gur éirigh leis an duine noirm na Scoile/an disciplín maidir le gach critéar a chomhlíonadh nó a shárú le trí bliana anuas. Ba cheart go mbeadh taifead soiléir ann ar noirm na Scoile/an disciplín i gcás Léachtóirí ar Chonarthaí de Chineál A agus B araon, mar is cuí, agus ba cheart go léireodh na noirm an difear idir an bhéim atá ar ualach oibre sna conarthaí sin.

4.3 Beidh ar iarratasóirí cur i láthair cúig nóiméad déag a dhéanamh don Bhord ina dtabharfaidh siad cuntas ar a bhfeidhmíocht agus ar a n-éifeachtúlacht phearsanta i ngach ceann de na trí réimse a liostaíodh ag 4.1 thuas, agus an méid céanna ama, a bheag nó a mhór, a chaitheamh ar gach réimse.

4.4 Is féidir le hiarratasóirí sonraí faoi shaoire ar taifead go dtí seo a sholáthar (i.e., máithreachas, uchtaíoch, tuismitheoir, breoiteacht/míchumas, saoire cúramóra agus gan phá) a bhreithneofar go cuí agus measúnú á dhéanamh ar iarratais; féach Aguisín 2 le haghaidh sonraí faoin gcaoi a measfar saoire den sórt sin. Tá sé de fhreagracht ar

gach iarratasóir a chinntiú go ndéantar gach saoire ar taifead a ghabháil agus a chatagóiriú sa tábla ábhartha ar an bhFoirm Iarratais ar Dhul Chun Cinn.

**5. Measúnú, Tuairisciú agus Moladh an Bhoird a Chur i bhFeidhm**

5.1 Déanfaidh an Bord Measúnóirí feidhmíocht an iarratasóra a mheas i ngach réimse mar a léirigh sé/sí í ina (h)iarratas, ina c(h)ur i láthair agus san agallamh, agus déanfaidh sé tuairisciú uirthi bunaithe ar an gcóras scórála seo a leanas:

- ‘Drochscór’ is ea scór de 1
- Scór ‘Measartha’ is ea scór de 2
- Is ionann scór 3 agus scór ‘Sásúil/Maith’
- Scór ‘An-mhaith’ is ea scór 4
- Scór ‘Sármhaith’ is ea scór 5

Féach Aguisín 3 chun teacht ar na Foirmeacha Measúnaithe ar Dhul Chun Cinn do Léachtóirí a bhfuil Conradh de Chineál A nó B acu.

5.2 Teastaíonn scór iomlán íosta (i ndiaidh ualú) de 30 chun dul chun cinn a mholadh. Ní mór scór ‘Sásúil’ a fháil *sna trí réimse* chun go ndéanfaidh an Bord moladh fabhrach go hiondúil.

**Foirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn**

5.3 Caithfidh an Bord an Fhoirm Mheasúnaithe a líonadh faoi gach ceann de na trí cheannteideal chun go mbeidh sé soiléir cén bunús a bhí leis an moladh iomlán a rinneadh agus leis an scór a tugadh i ngach réimse. Agus gach ceann de na codanna seo den Fhoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn á chomhlánú, féachfaidh an Bord ar na noirm scoile ábhartha agus ar an ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1. Tá an Fhoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn ar fáil in Aguisín 3.

5.4 Agus an Fhoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn á comhlánú, iarrtar ar an mBord a dhearbhú an ndearnadh aon saoire ar taifead a léirigh an t-iarratasóir a mheas agus an t-iarratasóir á m(h)eas.

5.5 Is é/í Cathaoirleach an Bhoird atá freagrach as an bhFoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn a chur chuig Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid.

5.6 Cuirfidh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid an Fhoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn ar aghaidh chuig an Uachtarán lena meas.

5.7 Scríobhfaidh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid chuig an iarratasóir chun toradh a (h)iarratais a chur in iúl dó/di.

5.8 Beidh éifeacht ag moladh fabhrach ón mBord ón 1ú lá den mhí i ndiaidh don Uachtarán glacadh leis an moladh.

5.9 Tá an Ollscoil ag súil go mbeidh an próiseas curtha i gcrích de ghnáth **taobh istigh de dhá mhí** ón lá a dtiocfaidh iarratas isteach ach aithníonn sí go mbeidh sin ag brath ar thuairiscí a bheith tagtha ó mholtóirí agus ar bhaill an Bhoird agus an t-iarratasóir a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh. Má mhaireann an próiseas ón uair a dtiocfaidh an t-iarratas isteach go dtí go gcuirfear an próiseas i gcrích níos faide ná 60 lá, áfach, is é an dáta a mbeidh éifeacht leis chun ‘an bac a thrasnú’ 60 lá ón lá a dtiocfaidh an t-iarratas isteach. I gcás go n-éireoidh le hiarratas, is ag an gcéad phointe den scála Léachtóireachta (os cionn an bhaic) a shocrófar an scála tuarastail.

## 6. Aiseolas d'Iarrthóirí

**6.1** Beag beann ar an toradh, tá gach iarratasóir i dteideal cruinniú aiseolais mar a thuairiscítear thíos.

**6.2 Toradh Fabhrach**

Beidh beirt bhall den Bhord, an Ceann Scoile agus ball eile, ar fear duine acu agus ar bean an duine eile, ar fáil le bualadh leis an iarratasóir le haiseolas a thabhairt dó/di **má iarrann sé/sí é sin**. Ba cheart don iarratasóir an t-iarratas ar chruinniú a dhéanamh chuig an gCeann Scoile, agus cóip de a chur chuig Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid agus chuig Cathaoirleach an Bhoird, taobh istigh de mhí ón uair ar cuireadh toradh an iarratais in iúl don iarratasóir. Scríobhfaidh an Ceann Scoile chuig Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid agus chuig an Déan nuair a bheidh an cruinniú aiseolais thart.

**6.3 Toradh nach bhfuil Fabhrach**

Má tharlaíonn sé **nach** toradh fabhrach a bheidh ar an iarratas, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird na socruithe cuí chun go mbuailfidh foghrúpa de bhaill an Bhoird, ina mbeidh an Cathaoirleach agus an Ceann Scoile, agus ina gcinnteofar go mbeidh fear amháin agus bean amháin, ar a laghad, leis an iarratasóir taobh istigh de mhí ón uair a gcuirfear toradh an iarratais in iúl dó/di le haiseolas a chur ar fáil dó/di.

I gcásanna eisceachtúla (*e.g.,* tá an t-iarratasóir ar shaoire ar taifead nó ar shaoire shabóideach), is féidir leis an iarratasóir a iarraidh go gcuirfear an cruinniú ar athló ar feadh suas le 6 mhí ar a mhéad tar éis toradh an iarratais a bheith curtha in iúl dó/di.

Cuirfidh an Bord comhairle ar fáil don iarratasóir faoi bhearta a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun na heasnaimh a aithníodh a bhí ar a (h)iarratas a leigheas agus déanfaidh sé na gníomhartha is gá don iarratasóir, dá C(h)eann Scoile agus dá C(h)eann Disciplín a dhéanamh a aontú. Ullmhóidh Cathaoirleach an Bhoird tuairisc chomhaontaithe maidir leis na gníomhartha atá le déanamh agus na daoine atá freagrach astu, taobh istigh de choicís i ndiaidh an chruinnithe, agus seolfar cóip chuig an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid.

I gcásanna ina bhfuil an t-iarratasóir ag cur isteach achomharc a bhaineann le toradh nár éirigh leis, féadfaidh sé/sí dul ar aghaidh leis an gcruinniú aiseolais nó féadfaidh sé/sí teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird chun an cruinniú aiseolais a chur siar go dtí go mbeidh toradh an achomhairc ar eolas.

**6.3 Athiarratas**

Mura mbeidh toradh fabhrach ar an iarratas ar dhul chun cinn, féadfaidh an t-iarratasóir athiarratas a dhéanamh ar mheasúnú nuair a bheidh dhá bhliain, de ghnáth, caite ón dáta ar tháinig an buniarratas isteach. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an Déan cuí iarratas a dhéanamh chuig an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid d'fhonn cead a fháil an tréimhse riachtanach chun athiarratas a dhéanamh a laghdú go bliain amháin.

## 7. Achomhairc

7.1 Féadfaidh comhalta foirne achomharc a dhéanamh leis an mBord Achomharc, tríd an Rúnaí Acadúil, má tá gearán le déanamh aige/aici maidir leis an gcaoi ar chloígh an Bord Measúnóirí leis na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le déileáil le hiarratais.

7.2 Ní bhainfidh na forais achomhairc ach AMHÁIN le fianaise ar shárú nós imeachta agus an próiseas ar bun. Is ionann sárú nósanna imeachta i stiúradh an phróisis agus:

- Gan cloí leis an bpróiseas cuí mar a shonraítear i Nós Imeachta na hOllscoile maidir le Dul Chun Cinn ó Léachtóir (Faoi bhun an Bhaic) go Léachtóir (Os cionn an Bhaic)

7.3 Ní mór achomharc a dhéanamh ag tráth nach déanaí ná dhá mhí i ndiaidh an dáta ar scríobh Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid chuig an iarratasóir chun toradh a (h)iarratais a chur in iúl dó/di.

7.4 Ní mór a mhíniú go soiléir san achomharc cad é an bunús atá leis an achomharc.

7.5 Éistfear le hachomharc de ghnáth taobh istigh de mhí ón uair a dtiocfaidh sé isteach.

7.6 Ní bhreithneoidh an Bord Achomharc ach an t-ábhar céanna a chuir an t-iarratasóir isteach tráth a (h)iarratais, i.e., litir chumhdaigh, CV, agus an Fhoirm Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn. 7.7 Ní cheadófar ach aon achomharc amháin i ndáil le haon iarratas ar leith (*i.e.* ní bheidh ath-achomharc i gceist).

7.8 Is coiste "buan" é an Bord Achomharc (seachas coiste a bhunaítear ar bhonn *ad hoc*). Is é Údarás na hOllscoile a cheapann an Bord agus ceithre bliana an téarma oifige a bhíonn aige. Ceathrar ball atá ar an mBord; triúr comhaltaí sinsearacha den fhoireann acadúil (ollúna bunaithe, ollúna pearsanta nó léachtóirí sinsearacha) agus comhalta seachtrach amháin ó Údarás na hOllscoile. Ainmneoidh an Chomhairle Acadúil beirt de na comhaltaí acadúla agus cinnfidh Údarás na hOllscoile cé acu den bheirt a fheidhmeoidh ina c(h)athaoirleach. Beidh beirt bhan agus beirt fhear ar an mBord Achomharc. An córam do chruinnithe den Bhord Achomharc ná triúr comhaltaí den Bhord.

Beidh tacaíocht ag obair an Bhoird Achomharc trí Rúnaí buan don Choiste ó Oifig an Rúnaí Acadúil.

7.9 Tuairiscíonn an Bord Achomharc go díreach don Choiste Pleanála Acadúla agus Acmhainní agus comhlíonfaidh sé na nósanna imeachta seo a leanas san athbhreithniú ar achomharc:

- Scaipfidh Rúnaí an Bhoird Achomharc na forais i scríbhinn le haghaidh achomhairc, mar aon le hiarratas ar Dhul Chun Cinn an achomharcóra agus an Tuairisc Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn ar gach ball den Bhord Achomharc.
- Tiocfaidh an Bord Achomharc le chéile chun a mheas an bhfuil forais le haghaidh achomhairc bunaithe ar shárú nósanna imeachta leagtha amach ag an achomharcóir.
- Má chinneann an Bord go bhfuil forais nós imeachta le haghaidh achomhairc leagtha amach, leanfaidh an Bord ar aghaidh ag imscrúdú an Achomhairc. Má chinneann an Bord nach mbaineann na forais achomhairc atá leagtha amach ag an achomharcóir le cloí leis na nósanna imeachta forchéimnithe, ansin cuirfidh Rúnaí an Bhoird Achomharc in iúl don achomharcóir i scríbhinn nach féidir an t-achomharc a éisteacht toisc go bhfuil sé lasmuigh de scóip an nós imeachta Achomhairc.
- Agus achomharc á bhreithniú aige, féadfaidh an Bord Achomharc faisnéis bhreise a iarraidh chun críche soiléirithe, ón achomharcóir nó ó chomhaltaí an Bhoird Mheasúnaithe ar Dhul Chun Cinn.
- Tá an ceart i gcónaí ag an mBord Achomharc bualadh, i gcásanna eisceachtúla, leis an achomharcóir nó le baill an Bhoird Achomharc, chun aon cheisteanna a bhaineann leis an achomharc a shoiléiriú.
- Tiocfaidh an Bord Achomharc le chéile chomh minic agus is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc.
- Tugtar breac-chuntas ar an raon torthaí féideartha Achomhairc i gcuid 7.10 thíos.
- Cuirfidh an Rúnaí Acadúil moladh an Bhoird Achomharc in iúl don Choiste Pleanála Acadúla agus Acmhainní ag an gcéad chruinniú eile.

7.10 Féadfaidh an Bord Achomharc:

- Seasamh le hachomharc agus a chinneadh nach raibh an sárú nós imeachta ábhartha do thoradh an phróisis *nó*
- Seasamh le hachomharc agus a chinneadh go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an sárú nós imeachta ar thoradh an phróisis agus, mar thoradh air sin, a mholadh don Bhord Measúnóirí athmheasúnú a dhéanamh ar an iarratas i bhfianaise an tsáraithe nós imeachta a sainaithníodh *nó*
- An t-achomharc a dhiúltú

7.11 Is ábhar iad na caighdeáin acadúla a úsáidtear sa phróiseas measúnaithe a bhaineann le hinniúlacht eisiach an Bhoird Measúnóirí amháin agus ní bheidh d'éifeacht ag aon rud sa Phróiseas Achomharc breithiúnas acadúil éagsúil a chur in ionad breithiúnas an Bhoird Measúnóirí.

7.12 Cuirfear moladh an Bhoird Achomharc in iúl don Choiste Pleanála Acadúla agus Acmhainní le daingniú. Nuair a bheidh sé daingnithe, is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Bhoird Achomharc

7.13 Cuirfear cinneadh an Bhoird Achomharc maidir le hachomharc in iúl don achomharcóir, agus cuirfear cóip de chuig baill an Bhoird Measúnóirí agus chuig Déan Choláiste an achomharcóra, chuig a C(h)eann Scoile agus chuig a C(h)eann Disciplín sa chás nach raibh siad ina mbaill den Bhord Measúnóirí, ach a nglacfaidh an Coiste Pleanála Acadúla agus Acmhainní le tuairisc an Bhoird.

**8. Oiliúint**

8.1 Cuirfear oiliúint chuí ar Dhéin agus ar Chinn Scoile, i gcomhréir le riachtanais na hOllscoile maidir le baill de bhoird agallaimh/mheasúnaithe. Ní bheidh duine nach mbeidh an oiliúint sin curtha air/uirthi i dteideal gníomhú mar ainmní an Déin ná an Chinn Scoile ar Bhord Measúnóirí.

8.2 Tabharfar oiliúint chuí do chomhaltaí an Bhoird Achomharc ar an nós imeachta, ar shainchúram agus ar fhreagrachtaí an Bhoird agus ar na roghanna atá ar fáil dó agus achomharc á bhreithniú. **9. Athbhreithniú**

9.1 Athbhreithneofar forálacha an Nós Imeachta seo tráth nach déanaí ná trí bliana i ndiaidh don Nós Imeachta teacht i bhfeidhm.

# AGUISÍN 1

## Na critéir faoina ndéanfar iarratais ar dhul chun cinn go dtí Léachtóir (os cionn an bhaic) a mheas.

Nóta: Cuirfear na critéir i bhfeidhm i gcomhthéacs na ndeiseanna atá ag gach iarratasóir na critéir sin a chomhlíonadh taobh istigh de chúinsí a Scoile/a d(h)isciplín, agus is é an sainmhíniú a thabharfar de ghnáth orthu gur éirigh leis an duine noirm na Scoile/an disciplín maidir le gach critéar a chomhlíonadh nó a shárú le trí bliana anuas.
Ba cheart go mbeadh taifead soiléir ann ar noirm na Scoile/an disciplín i gcás Léachtóirí ar Chonarthaí de Chineál A agus B araon, mar is cuí, agus ba cheart go léireodh na noirm an difear idir an bhéim atá ar ualach oibre sna conarthaí sin. Ba cheart d'iarratasóirí súil siar a chaitheamh ar noirm na Scoile/an disciplín i gcás gach critéir sula ndéanann siad iarratas.

Tá na critéir seo a leanas bunaithe ar an gCreat Inniúlachta do Léachtóirí in OÉ Gaillimh.

**Inniúlacht 1: Seasamh Taighde agus Scolártha**

Cuireann an t-iarratasóir a d(h)isciplín féin chun cinn agus cuireann sé/sí leis an gcorpas eolais sa réimse sin trína c(h)uid taighde féin a bhfuil ardchaighdeán ag baint leis a phleanáil, a dhéanamh agus a fhoilsiú nó a scaipeadh, agus trí ghrúpaí taighde a chur le chéile agus a threorú, agus mic léinn iarchéime a stiúradh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh chun go bhféadfaidh siadsan taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Bíonn siad cab ar chab le forbairtí a bhaineann le hábhar ina réimse féin agus bíonn siad ag comhoibriú le daoine eile, taobh istigh den Ollscoil agus lasmuigh di, chun cur le luach agus le hábharthacht an taighde atá á dhéanamh agus chun go mbeidh an Scoil/an Disciplín ábalta oiread maoiniú taighde agus is féidir a mhealladh.

- Tugann sé/sí faoi thaighde ar ardchaighdeán a chuireann an Scoil/an Disciplín chun cinn
- Foilsíonn sé/sí taighde i monagraif agus/nó in irisí piarmheasúnaithe ar ardchaighdeán agus cuireann sé/sí taighde i láthair ag comhdhálacha a mbíonn aird an phobail orthu
- Bunaíonn sé/sí naisc agus líonraí comhoibríocha le heagraíochtaí eile agus bíonn sé/sí cab ar chab leis an taighde ina réimse féin agus bíonn sé/sí ar an eolas faoin méid atá ag tarlú i measc an phobail taighde idirnáisiúnta ina réimse féin
- Freastalaíonn sé/sí ar chomhdhálacha a bhaineann lena réimse féin, agus oibríonn sé/sí leis an tionscal agus le forais sheachtracha eile a bhaineann leis an réimse sin chun go mbeidh a c(h)uid taighde ábhartha i gcónaí
- Déanann sé/sí tograí láidre taighde agus deontais a fhorbairt agus a chur isteach a léiríonn an luach agus na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint as an taighde a bhíonn á mholadh
- Déanann sé/sí taighde a phleanáil go héifeachtach, tuarann sé/sí an t-am agus na hacmhainní a theastódh chun taighde a chur i gcrích go beacht, agus cuireann sé/sí i gcrích é faoi spriocdháta ar leith
- Déanann sé/sí stiúradh den scoth ar mhic léinn taighde iarchéime agus cuireann sé/sí scoth na comhairle orthu, agus spreagann sé/sí iad agus gríosaíonn iad le fadhbanna a bhíonn acu lena gcuid taighde a réiteach.

**Inniúlacht 2: Foghlaim, Teagasc & Measúnú**

Déanann an t-iarratasóir cláir theagaisc ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur ar fáil a spreagann mic léinn ar gach leibhéal agus a chuireann ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as a gcuid foghlama. Úsáideann sé/sí réimse leathan teicnící teagaisc go muiníneach, fáiltíonn sé/sí roimh nuálaíochtaí teagaisc, tapaíonn sé/sí na deiseanna a bhíonn ann le cur lena c(h)uid scileanna teagaisc, bíonn sé/sí

dírithe ar a c(h)uid scileanna teagaisc féin a fhorbairt de shíor agus déanann sé/sí athbhreithniú go rialta ar na modhanna measúnachta a úsáidtear ar a c(h)láir teagaisc.

- Cuireann sé/sí caighdeán ard teagaisc ar fáil do mhic léinn i gcláir éagsúla sa disciplín ina bhfuil sé/sí
- Bíonn sé/sí ina m(h)eantóir ag mic léinn fochéime agus ag mic léinn ar chúrsaí múinte iarchéime agus déanann sé/sí iad a stiúradh
- Bíonn sé/sí de shíor ag déanamh athbhreithniú ar ábhar na gcúrsaí atá á dteagasc aige/aici agus bíonn sé/sí ag cur le forbairt agus le hathbhreithniú na gclár a bhaineann lena d(h)isciplín
- Tá ról ceannaireachta glactha chuige/chuici féin aige/aici maidir leis an treo a bhfuil an clár/na cláir ag dul agus maidir le leagan amach na gclár
- Cuidíonn sé/sí le cláir idirdhisciplíneacha nó le cúrsaí arb iad a c(h)omhghleacaithe go príomha atá freagrach astu
- Tá sé/sí muiníneach ag teagasc grúpaí éagsúla mac léinn ar leibhéil éagsúla
- Tá sé/sí cumasach maidir le measúnuithe agus scrúduithe a leagan amach agus a eagrú go comhsheasmhach agus maidir le comhordú a dhéanamh ar mharcáil na measúnaithe agus na scrúduithe
- Léiríonn sé/sí, trína c(h)uid teagaisc, go bhfuil sé/sí an-díograiseach faoina (h)ábhar féin agus go bhfuil saineolas agus an t-eolas is úire aige/aici faoina réimse féin
- Tá sé/sí inniúil ar réimse leathan modhanna agus straitéisí teagaisc agus déanann sé/sí a c(h)uid modhanna agus scileanna teagaisc a mheas agus a fhorbairt go rialta d'fhonn iad a fheabhsú
- Úsáideann sé/sí na teicneolaíochtaí cuí atá ar fáil ina c(h)uid teagaisc agus bíonn sé/sí ar an eolas i gcónaí faoi fhorbairtí sa réimse seo
- Cuireann sé/sí eagar agus struchtúr ar a c(h)uid teagaisc chun cabhrú leis an mac léinn oiread agus is féidir a fhoghlaim agus chun a chinntiú go mbeidh dea-thaithí ag an mac léinn
- Cothaíonn sé/sí suim na mac léinn san ábhar trí mhodhanna teagaisc atá bunaithe ar thaighde a úsáid agus trí cheisteanna reatha a phlé ina c(h)uid teagaisc, agus tríd an teagasc a bhunú ar a bhfuil ag tarlú sa phobal i gcoitinne agus trí ábhar ón taobh amuigh a úsáid
- Léiríonn sé/sí go bhfuil sé/sí tugtha do na mic léinn agus go mbíonn sé/sí ag casadh leo agus go mbíonn sé/sí ar fáil dóibh
- Déanann sé/sí grádú ar mheasúnuithe in am agus i gcomhréir le nósanna imeachta an disciplín agus na hollscoile
- Cuireann sé/sí comhairle chuiditheach ar fáil do mhic léinn go pras
- Éiríonn leis/léi cothromaíocht a bhaint amach idir bá do mhic léinn agus béim ar chomhsheasmhacht agus ar chothromas sa chaoi a gcaitear leo
- Tomhaiseann sé/sí cláir theagaisc i gcoinne clár in ollscoileanna eile agus déanann sé/sí iarracht a chinntiú go mbíonn caighdeán ard ag baint leo
- Oibríonn sé/sí le mic léinn chun bradaíl a chosc, agus cuireann sé/sí córais i bhfeidhm chun bradaíl a aimsiú agus a bhainistiú.

**Inniúlacht 3: Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal**

Tá meas ag an iarratasóir ar dhaoine eile agus tá cur chuige comhoibríoch aige/aici, laistigh dá d(h)isciplín féin, den scoil agus den ollscoil agus sa phobal i gcoitinne chomh maith. Bíonn sé/sí gníomhach ag iarraidh gréasáin éifeachtacha a bhunú agus roinneann sé a c(h)uid ama agus a c(h)uid saineolais sa Scoil, sa Choláiste, san Ollscoil agus taobh amuigh den Ollscoil mar chuid dá d(h)ualgais ghairmiúla nó eile.

- Oibríonn sé/sí go gníomhach chun líonraí láidre a bhunú taobh istigh den Ollscoil agus taobh amuigh di, mar aon le naisc le hoibriú i gcomhar le daoine eile
- Glacann sé/sí páirt i ngrúpaí oibre trasdisciplín agus glacann sé/sí le róil in institiúidí/gníomhaireachtaí seachtracha (le faomhadh cuí ón Ollscoil)

- Bíonn sé/sí sásta am a chaitheamh ag cothú dea-chaidreamh oibre le daoine eile agus pléann sé/sí le gach duine go cothrom agus le meas
- Glacann sé/sí le róil agus tascanna riaracháin/eagrúcháin lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Scoil/Disciplín mar is ceart
- Glacann sé/sí go réamhghníomhach le róil ar choistí nó mar ionadaí ag leibhéal scoile/coláiste/ollscoile agus forbraíonn sé/sí na scileanna a theastaíonn chun na róil seo a chomhlíonadh go héifeachtach
- Déanann sé/sí iarracht dearcaí agus tuairimí daoine éagsúla a thuiscint agus a chur san áireamh
- Oibríonn sé/sí ar fhorais éagsúla lasmuigh den ollscoil, oibríonn sé/sí ar mhaithe leis an bpobal áitiúil agus eagraíochtaí deonacha
- Spreagann sé/sí mic léinn le bheith páirteach i ngrúpaí san ollscoil agus taobh amuigh di chomh maith, nuair is cuí
- Tugann sé/sí tacaíocht do chomhghleacaithe eile san ollscoil seo agus in ollscoileanna eile chun comhchláir taighde a chur ar siúl
- Tá na scileanna cuí aige/aici le cothromaíocht a aimsiú idir riachtanais na hollscoile agus riachtanais an phobail ghairmiúil trí chéile taobh amuigh den ollscoil

# *AGUISÍN 2:*

## *Measúnú ar iarratais a bhfuil saoire luaite iontu*

Aidhm:

Is é aidhm na forála seo aird a dhíriú ar an gcaoi a bhfágtar níos mó ban agus cúramóirí ar leataobh go staitistiúil i gcritéir roghnúcháin áirithe, agus na critéir a chur in oiriúint chun go seachnófar é sin. Ní bheifear ag súil go mbeidh an méid céanna oibre déanta ag comhalta foirne a mbeidh am saor tógtha aige/aici óna p(h)ost de bharr saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta/mhíchumais agus saoire cúramóra agus a bheidh ag comhalta foirne den chineál céanna nár thóg am saor.

Tá sé faoi na hiarratasóirí sonraí a chur ar fáil ina n-iarratas maidir le haon saoire ar taifead agus nuair a luaitear saoire a bhfuil taifead uirthi in iarratas, déanfaidh an Bord Dul Chun Cinn measúnú ar an aschur oibre i gcomparáid leis an deis oibre, i.e. cuirfear aschur acadúil san áireamh ar bhonn pro-rata i gcás comhalta foirne a thóg saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire bhreoiteachta/mhíchumais agus saoire cúramóra.

Iarratas:
Tá sé de fhreagracht ar gach iarratasóir a chinntiú go ndéantar gach saoire ar taifead a ghabháil agus a chatagóiriú sa tábla ábhartha ar an bhFoirm Iarratais ar Dhul Chun Cinn.

Déanfaidh an Bord Dul Chun Cinn an méid a mbeidh siad ag súil leis maidir lena mbeidh bainte amach/maidir leis an obair a bheidh déanta ag an iarratasóir a choigeartú, i gcomhréir leis an sciar saoire a bheidh tógtha aige/aici. I gcás saoire mháithreachais agus saoire uchtaíoch, go sonrach, moltar don Bhord tréimhse ama a chur san áireamh a thabharfadh deis don duine teacht isteach ar an obair arís i ndiaidh na saoire; moltar suas le bliain a thabhairt i gcás gach tréimhse de shaoire mháithreachais/uchtaíoch.

*AGUISÍN 3:*
*FOIRMEACHA MEASÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN*

**TUAIRISC MHEASÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN**

**AISTRIÚ Ó LÉACHTÓIR FAOI BHUN AN BHAIC, CONRADH DE CHINEÁL A, GO DTÍ LÉACHTÓIR OS CIONN AN BHAIC, CONRADH DE CHINEÁL A**

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | **Teideal an Phoist:** |
| **Scoil:** | **Coláiste:** |
| **Dáta an Cheapacháin:** | **Dáta Dearbhaithe sa Phost:** |
| **Dáta an Mheasúnaithe:** | |

| **Foghlaim, Teagasc & Measúnú** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| | | X 6 | |

| |
|---|
| **Fianaise ar Fhoghlaim, Teagasc & Measúnú agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú)** |

| **Seasamh Taighde agus Scolártha** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| | | X 2 | |

**Fianaise ar Thaighde agus ar Sheasamh Scolártha agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le Taighde agus Seasamh Scolártha)**

| **Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| | | X 2 | |

| **Fianaise ar Obair ar mhaithe leis an Scoil, an Ollscoil agus an Pobal agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le hObair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal)** |
|---|
| |

Meabhraítear don Bhord go bhfuil sé de dhualgas air aon saoire atá ar taifead agus ainmnithe ag an iarratasóir a mheas agus é ag measúnú an iarratais.

Iarrtar ar an mBord a dhearbhú gur bhreithnigh sé aon saoire ar taifead a léiríodh san iarratas, sa mheasúnú trí tic a chur sa bhosca thíos:

☐

Teastaíonn scór iomlán íosta (i ndiaidh ualú) de 30 chun dul chun cinn a mholadh.
Ní mór scór 'Sásúil' a fháil *sna trí réimse* chun go ndéanfaidh an Bord moladh fabhrach go hiondúil.

**Moladh an Phainéil maidir le Dul Chun Cinn: MOLTAR É / NÍ MHOLTAR É (Cuir ciorcal thart ar an gcinneadh a rinneadh)**

**Síniú: (1)** ______________________ **(2)** ______________________

**(3)** ______________________ **(4)** ______________________

**(5)** ______________________ **Dáta** ______________________

Déanfaidh an Bord Measúnóirí feidhmíocht an iarratasóra a mheas i ngach réimse mar a léirigh sé/sí í ina (h)iarratas, ina c(h)ur i láthair agus san agallamh, agus déanfaidh sé tuairisciú uirthi bunaithe ar an gcóras scórála seo a leanas:

Scór 5 an t-uas-scór i ngach réimse dá luaitear

- Is ionann scór 1 agus 'Drochscór'
- Is ionann scór 2 agus scór 'Measartha'
- Is ionann scór 3 agus scór 'Sásúil/Maith'
- Is ionann scór 4 agus scór 'An-mhaith'
- Is ionann scór 5 agus scór 'Sármhaith'

| **Na critéir faoina ndéanfar iarratais ar dhul chun cinn go dtí Léachtóir (os cionn an bhaic) a mheas** | **An t-íos-scór iomlán a chaithfear a fháil go hiondúil i réimse chun go measfar go mbeidh scór *sásúil* bainte amach i gcás <u>post de chineál A</u>** |
|---|---|
| Foghlaim, Teagasc & Measúnú | **18** |
| Seasamh Taighde agus Scolártha | **6** |

| Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal | **6** |
|---|---|

**TUAIRISC MHEASÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN**

**AISTRIÚ Ó LÉACHTÓIR FAOI BHUN AN BHAIC, CONRADH DE CHINEÁL B, GO DTÍ LÉACHTÓIR OS CIONN AN BHAIC, CONRADH DE CHINEÁL B**

**Ainm:** **Teideal an Phoist:**

**Scoil:** **Coláiste:**

**Dáta an Cheapacháin:** **Dáta Dearbhaithe sa Phost:**

**Dáta an Mheasúnaithe:**

| **Seasamh Taighde agus Scolártha** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| | | X 4 | |

| |
|---|
| **Fianaise ar Thaighde agus ar Sheasamh Scolártha agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le Taighde agus Seasamh Scolártha)** |

| **Foghlaim, Teagasc & Measúnú** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| | | X 4 | |

| **Fianaise ar Fhoghlaim, Teagasc & Measúnú agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú)** |
|---|
| |

| **Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal** | Scór | Ualú | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | X 2 | |

**Fianaise ar Scoil, Ollscoil & Pobal agus Tráchtanna le haghaidh Aiseolais (agus an chuid seo á comhlánú, ba cheart don Bhord tagairt ar leith a dhéanamh do na noirm scoile ábhartha agus don ráiteas inniúlachtaí atá leagtha amach in Aguisín 1 a bhaineann le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú)**

Meabhraítear don Bhord go bhfuil sé de dhualgas air aon saoire atá ar taifead agus ainmnithe ag an iarratasóir a mheas agus é ag measúnú an iarratais.

Iarrtar ar an mBord a dhearbhú gur bhreithnigh sé aon saoire ar taifead a léiríodh san iarratas, sa mheasúnú trí tic a chur sa bhosca thíos:

☐

Teastaíonn scór iomlán íosta (i ndiaidh ualú) de 30 chun dul chun cinn a mholadh.
Ní mór scór 'Sásúil' a fháil *sna trí réimse* chun go ndéanfaidh an Bord moladh fabhrach go hiondúil.

**Moladh an Phainéil maidir le Dul Chun Cinn: MOLTAR É / NÍ MHOLTAR É (Cuir ciorcal thart ar an gcinneadh a rinneadh)**

**Síniú: (1)** ______________________ **(2)** ______________________

**(3)** ______________________ **(4)** ______________________

**(5)** ______________________ **Dáta** ______________________

Déanfaidh an Bord Measúnóirí feidhmíocht an iarratasóra a mheas i ngach réimse mar a léirigh sé/sí í ina (h)iarratas, ina c(h)ur i láthair agus san agallamh, agus déanfaidh sé tuairisciú uirthi bunaithe ar an gcóras scórála seo a leanas:

Scór 5 an t-uas-scór i ngach réimse dá luaitear

- Is ionann scór 1 agus 'Drochscór'
- Is ionann scór 2 agus scór 'Measartha'
- Is ionann scór 3 agus scór 'Sásúil/Maith'
- Is ionann scór 4 agus scór 'An-mhaith'
- Is ionann scór 5 agus scór 'Sármhaith'

| **Na critéir faoina ndéanfar iarratais ar dhul chun cinn go dtí Léachtóir (os cionn an bhaic) a mheas** | **An t-íos-scór iomlán a chaithfear a fháil go hiondúil i réimse chun go measfar go mbeidh scór *sásúil* bainte amach i gcás <u>post de chineál</u> B** |
|---|---|
| Seasamh Taighde agus Scolártha | **12** |
| Foghlaim, Teagasc & Measúnú | **12** |
| Obair ar mhaithe leis an Scoil, leis an Ollscoil agus leis an bPobal | **6** |